**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000007/2024**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Salvatore De Meo**, **Domènec Ruiz Devesa**, **Rainer Wieland**, **Maite Pagazaurtundúa**, **Helmut Scholz**, **Damian Boeselager**
thar ceann an Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

Ábhar: Ceart fiosrúcháin Pharlaimint na hEorpa

Tar éis don Pharlaimint a seasamh a ghlacadh an 16 Aibreán 2014 maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis na forálacha mionsonraithe lena rialaítear feidhmiú cheart fiosrúcháin Pharlaimint na hEorpa agus lena n-aisghairtear Cinneadh 95/167/CE[1], i gcomhréir le hAirteagal 226 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), dhiúltaigh an Chomhairle agus an Coimisiún go comhsheasmhach go dtí seo dul i mbun caibidlíochtaí idirinstitiúideacha d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le gníomh dlíthiúil nua.

I bpáipéar leathoifigiúil ó mhí na Bealtaine 2018, mhol an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (AFCO) foclaíocht nua don togra a glacadh in 2014 agus roinnt de na buarthaí a léirigh an Chomhairle á gcur san áireamh. Mar sin féin, lean an Chomhairle de 'ábhair imní thromchúiseacha dlí agus institiúideacha', mar a thugann sí orthu, a ardú.

Le linn théarma reachtach 2019-2024, sheol Cathaoirleach AFCO leagan nuashonraithe de pháipéar leathoifigiúil mhí na Bealtaine 2018 go foirmiúil chuig an gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2023. Seoladh é chuig an gCoimisiún freisin mar fhaisnéis an 13 Nollaig 2023 agus rinneadh é a tharchur go hoifigiúil an 29 Feabhra 2024. Sa togra nuashonraithe seo, mhol tromlach fhoireann chaibidlíochta AFCO go dtabharfaí aghaidh ar bhealach dearfach ar naoi gcinn den aon agóid déag a d'ardaigh an Chomhairle. Níor chuathas i ngleic leis an dá shaincheist a bhí fós gan réiteach mar go mbeadh cúlchéimniú soiléir ann i gcomparáid leis na forálacha atá i bhfeidhm dá ndéanfaí an méid sin.

Ina litir freagartha an 18 Eanáir 2024, níor thug an Chomhairle aghaidh ar bhealach fóinteach ar aon cheann de na feabhsuithe a mhol an Pharlaimint agus dhiúltaigh sí plé a dhéanamh ar an togra nuashonraithe agus/nó a toiliú a thabhairt, gan tuilleadh mínithe, in ainneoin gur léirigh an Pharlaimint go soiléir go raibh sí oscailte dul i mbun caibidlíochtaí idirinstitiúideacha. Níor thug an Chomhairle aghaidh ach oiread ar thogra na Parlaiminte le haghaidh cruinniú idir na hinstitiúidí chun plé a dhéanamh ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach agus chun an comhad a thabhairt chun críche. Go dtí seo, níor ghlac an Coimisiún le haon cheann de thograí foirmiúla nó neamhfhoirmiúla na Parlaiminte.

De réir na gConarthaí agus chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an Coimisiún caomhnóir na gConarthaí. Tá sé freagrach as cur i bhfeidhm na gConarthaí a áirithiú (Airteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)), lena n-áirítear Airteagal 226 CFAE, an bunús dlí do choistí fiosrúcháin. Déanann an Coimisiún a ghníomhaíochtaí faoi rialú polaitiúil na Parlaiminte (Airteagal 14(1) CAE) agus tá sé cuntasach, mar chomhlacht, don Pharlaimint (Airteagal 17(8) CAE). I bhfianaise an chomhthéacs institiúidigh sin atá ceangailteach ó thaobh dlí de, cén fáth a leanann an Coimisiún de dhiúltú de chaibidlíochtaí idirinstitiúideacha a oscailt leis an bParlaimint d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le creat dlíthiúil iomchuí chun ceart fiosrúcháin na Parlaiminte a chur chun feidhme nó chun toiliú a thabhairt, níos mó ná ceithre bliana déag tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin?

Curtha síos:21.3.2024

Spriocdháta i gcomhair freagra:22.6.2024

---

1 IO C 443, 22.12.2017, lch. 39.